C/2025/1676

13.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11826 – SVP / OQ CHEMICALS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1676)

1. An 6 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Strategic Value Partners LLC ('SVP', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— OQ Chemicals International Holding GmbH agus OIG OQ Infrastruktur GmbH (i dteannta a chéile 'OQ Chemicals', an Ghearmáin), cuid d'Údarás Infheistíochta Oman

Gheobhaidh SVP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar OQ Chemicals ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda atá bunaithe sna Stáit Aontaithe é SVP atá dírithe ar chreidmheas faille agus ar dheiseanna cothromais phríobháidigh,

— Is soláthraí domhanda ocsóicheimiceán é OQ Chemical, a bhfuil a cheanncheathrú sa Ghearmáin, agus tá suíomhanna táirgthe aige sa Ghearmáin, san Ísiltír, sna Stáit Aontaithe agus sa tSín. Soláthraítear táirgí OQ Chemicals do chustaiméirí i dtionscail éagsúla, mar shampla feithiclí agus iompar, beatha ainmhithe, bia agus agraiceimiceáin, bonneagar agus tógáil, bratuithe, cúram pearsanta agus táirgí glantacháin, cúram sláinte, agus an tionscal priontála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11826 – SVP / OQ CHEMICALS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË